

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
MEASÚNÚ ATRIALACH FAOI THEASTAIS GHAELIGE**

**OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELIGE
FÓMHAR, 2019**

An Triail Scríofa - 100 MARC

**Trí huairé an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00).
Freagair cúig cheist.**

ROINN A

SCRÍBHNEOIREACHT FHEIDHMIÚIL

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar an múinteoir atá i gceannas ar chúrsaí spóirt i do scoil, scríobh litir chuig Cathaoirleach an Chlub Chumann Lúthchleas Gael i do cheantar ag gabháil buíochas leis an gCathaoirleach as camáin agus sliotair a bhronnadh ar an scoil.
2. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar an Príomhoide ar do scoil scríobh litir chuig an Aire Oideachais agus Scileanna, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1 ag lorg airgid chun scoil nua a thógáil.

(30 marc)

ROINN B

AISTRIÚCHÁIN

Freagair Ceist 3 agus Ceist 4

3. Aistrigh go Gaeilge:-
 - (a) Children! Stay out of the pool of water.
 - (b) Take off your coat, Paul and hang it up.
 - (c) Have you got your homework done, Bríd?
 - (d) Now children! You may eat your lunch.
 - (e) Éamonn! Get your coat and put it on.
 - (f) Children! Do not throw rubbish in the yard.
 - (g) Niamh! Get the First Aid Box!
 - (h) Listen to this, girls, please.
 - (i) Ciarán! Never say that to another child.
 - (j) Did you look in your school bag, Máire?

(15 mharc)

4. Aistrigh go Gaeilge:-

Principal: Excuse me, Cormac. May I speak to you for a minute?

Teacher: You may. I'm on my way out to the yard. Come with me.

Principal: Well! You own the red Toyota which is parked on the road. Isn't that right?

Teacher: You're right. Do you like it?

Principal: I think it's lovely but you park it too close to the gate of the school.

Teacher: I'm very sorry about that.

Principal: Do not be worried about it.

Teacher: Did somebody make a complaint?

Principal: No, but I would like it to be easy for children and parents to go in and out the gate.

Teacher: I will park my car somewhere else from now on.

(20 marc)

ROINN C

GRAMADACH Freagair Ceist 5

5. Scríobh na freagraí i do fhreagarleabhar:-

An Briathar:

1. A chailíní! Ná (suigh) _____ ar na boird!
2. A Chóilín! (Tar) _____ isteach ón bpáirc anois.
3. Níor (taispeáin: mé) _____ an nóta do mo mháthair inné.
4. Ní (múin: sí) _____ Corpoideachas amárach.
5. An (déan: tú) _____ do lón aréir, a Shíle?
6. (Ceannaigh: sí) _____ gluaisteán nua, dá mbeadh an t-airgead aici.
7. An (feic: tú) _____ do chol ceathrar gach lá?
8. Nár (clois: sé) _____ an toirneach aréir?
9. (Oscail: mé) _____ doras na scoile ar leathuair tar éis a hocht gach lá.
10. Dá mbeadh feadóg stáin aici, (seinn: sí) _____ port.
11. (Ullmhaigh: sé) _____ na háiseanna go léir amárach.
12. (Foghlaim) _____ go leor ón gcluiche inné.
13. (Tabhair) _____ cupán tae don aoichainteoir amárach.
14. Deir Nóirín (dúnann) _____ sí na fuinneoga go léir gach lá.
15. Dúirt na fir (ní dheachaigh) _____ siad go dtí an cluiche Dé Domhnaigh seo caite.
16. Dúirt Seosamh (éistfidh) _____ sé leis an raidió amárach.
17. Tá na scéalta go léir (inis) _____ ag an scéalaí.
18. Is breá léi a (bí) _____ ag imirt peile.
19. Dá (taispeáin: tú) _____ an chruinneog dom, bheinn in ann tSín a thaispeáint duit.
20. Má (feic: sibh) _____ Stiofán, an ndéarfadh sibh leis glao a chur orm?

An Chopail:

21. Ní (tuismitheoirí) _____ iad Pól agus Áine.
22. Nach (é) _____ Liam úinéir an mhála sin?
23. Ba (í) _____ Aifric an cailín a bhí ag canadh
24. Ar (cigire) _____ é Pádraig?

An tAinmfhocal

25. Tá an (urlár [fir.]) _____ salach.

26. Tá an (pictiúrlann [bain.]) _____ sin in áit áisiúil.
 27. Tháinig litir (ó: an: Coláiste) _____ ar maidin.
 28. Tá blas breá milis ar na (oráistí) _____.
 29. Bhí solas (an ghealach) _____ go hálainn aréir.
 30. Tá ríomhaire nua ar bhord (an múinteoir) _____.
 31. Tá praghas (na tithe) _____ an-ard i mBaile Átha Cliath.
 32. Gheobhaidh tú bosca (na pinn) _____ ar an tseif is airde.

An Aidiacht

33. Tá Clíona (níos: sean) _____ ná Niamh.
 34. Bíonn an aimsir níos (fuair) _____ san fhómhar.

An Aidiacht Shealbhach

35. Chuaigh Bríd agus (a: cara) _____ ag spaisteoireacht.
 36. Ar thug sibh bronntanas do (bhur: athair) _____?

An Forainm Réamhfhoclach

37. Chuir mo mháthair fáilte (roimh: mé) _____.
 38. A bhuachaillí! Bainigí (de: sibh) _____ bhur gcótaí.

Suas, Thuas, Anuas; Síos, Thíos, Aníos

39. Bhí Síofra ag obair ar an trú hurlár. Dúirt sí go rachadh sí _____ chuig an gcéad urlár chun a cuid speaclaí a fháil.

Isteach, Istigh; Amach, Amuigh

40. Tá an lá go breá. Fanfaidh Aisling _____ sa ghairdín ar feadh tamaillín.

Uimhreacha

41. Scríobh i bhfocail: Rang 6: _____.
 42. Tá an dara (caibidil) _____ den leabhar léite aici.
 43. Cé mhéad (buachaill) _____ atá ar an mbus?
 44. Tá naonúr (cailín) _____ i Rang a Trí.

Gramadach an Bhriathair

45. Scríobh an aimsir fháistineach, an fhoirm dhiúltach, an dara pearsa uatha den bhriathar ‘bácáil’.

46. Scríobh an aimsir chaite, an fhoirm dhearfach, an chéad phearsa iolra den bhriathar ‘cuimhnigh’.

47. Scríobh an t-ainm briathartha den bhriathar ‘faigh’.

48. I dtéarmaí gramadaí, mínigh ‘cheisteofá’.

49. I dtéarmaí gramadaí, mínigh ‘rithfimid’.

50. I dtéarmaí gramadaí, mínigh ‘ag teacht’.

ROINN D

LÉAMHTHUISCINT Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht, atá curtha in oiriúint, as *Bíonn an Fhírinne Searbh: Cnuasach Gearrscéalta, Pádraig Ó Fágáin, Branar, 1982, 7-8.*

Chas Risteard an eochair sa doras agus isteach leis chomh ciúin socair agus ab fhéidir leis. Bhí sé dorcha sa halla ach ní raibh aon choinne aige go mbeadh aon rud sa bhealach air. D'eascainigh sé os ard mar sin nuair a bhain rud éigin ar an urlár tuisle as. An diabhal “Hoover” sin a bhí ann. Agus an racán a rinne sí! Mheasfá gur d'aonghnó a d'fhág sí ansin é chun nach mbeadh sé in ann teacht isteach sa teach gan fhios di.

Chuala sé doras á oscailt in airde staighre. Mhothaigh sé coiscéimeanna a mháthar ag ceann an staighre.

“An tusa atá ansin a Risteard?”

“Is mé, a mháthair. Cé eile a bheadh ann?” a d'fhreagair sé go giorraisc.

“Cén t-am é?”

“Nach bhfuil clog agat i do sheomra?”

“Tá sé leathuair tar éis a haon ar maidin. Sin an t-am.”

Bhí sí ag teacht anuas an staighre chuige...

“Má bhí a fhios agat cén t-am é,” ar seisean, “is iontach go gcuireann tú ceist orm. Cén fáth ar fhág tú an diabhal “Hoover” sin sa bhealach orm?”

“Ó, is deas tusa. Is deas tusa.” D'fhreagair sí sa chanúint láidir Bhleácliathach sin a bhí aici. “Níl aon solas sa halla. Tá an bolgán caite. Ní mór duit cúpla bolgán a fháil amárach. Las an solas sa chistin ansin.”

“Cén fáth nach bhfuil tú i do chodladh” a cheistigh sé di.

“Maith atá fhios agat nach féidir liom codladh nó go mbíonn tú sa bhaile. Cá raibh tú go dtí an t-am seo den oíche?”

“Ag ól leis na lads.”

“Cheap mé go ndúnann na tábhairní ar a haon déag.”

“Ba cheart go mbeadh a fhios agat faoi seo go bhfuil áiteanna eile ann chun óil seachas na tábhairní.”

“Maith atá a fhios agam sin. Sa Chlub a bhí tú mar sin.”

“Is ea, sa Club.”

“Cén fáth nár tháinig tú abhaile chun an tae?”

“Thosaigh triúr againn ag ól tar éis oibre. Ní raibh i gceist againn ach cúpla deoch ar dtús. Ach idir seo agus siúd... Bhuel, tá's agat.”

“Maith atá a fhios agam faoi seo. Róthugtha don ól ar fad atá tú... Níl a fhios agam,” a dúirt sí, “conas is féidir leat lá oibre a dhéanamh tar éis a bheith amuigh leath na hoíche ag ól. Ní haon ionadh é nach bhfuair tú ardú céime.”

Buntuisicint:

1. Cén t-am a d'fhill Risteard ón gClub?
2. Céard a d'iarr máthair Risteard air a dhéanamh amárach?
3. Cén fáth nach raibh máthair Risteard ina codladh nuair a tháinig Risteard isteach?

Tuisicint liteartha:

1. Cén fáth ar thosaigh Risteard ag eascainí laistigh den doras?
2. Cén fhianaise a thugann a mháthair do Risteard le léiriú go ndeachaigh a chuid ólacháin i gcion ar a chuid oibre, dar léi?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht atá curtha in oiriúint as *Éalú san Oíche* (Úrscéal d'Fhoghlaimeoirí), le Colmán Ó Raghallaigh, An Gúm, 1999 & 2001, 48-49, 52.

Bhí sé leathuair tar éis a haon an mhaidin dár gcionn nuair a dhúisigh Séamas iad.

‘Anois, a chairde, caithfidh sibh bheith ag imeacht. Tá Pádraig taobh amuigh ag fanacht libh.’

Bhí na páistí leath ina gcodladh fós nuair a thug a máthair, Bríd, amach iad go dtí an chairt. Tháinig a n-athair, Tomás, ina ndiaidh agus a lámh thar ghualainn a charad, Séamas.

‘Níl a fhios agam céard a dhéanfaimis gan thú, a Shéamais. Go méadaí Dia do stór.’

‘Fad is atá sibhse slán sábháilte is cuma liomsa,’ arsa Séamas, ‘agus nach dtig libh scríobh chugam ó Mheiriceá?’

‘Déanfaimid sin gan dabht,’ arsa Bríd agus bhris na deora uirthi. Chroith Tomás lámh a charad don uair dheiridh agus anonn leis go dtí an chairt, áit a raibh Pádraig ag fanacht go mífhoighdeach.

‘Anois, a Thomáis,’ ar seisean, ‘caithfidh tusa dul isteach faoin bhféar seo agus luífidh Nóirín agus Peadar anuas ort agus iad ina gcodladh mar dhea. Scaoilfimid amach ansin thú nuair a bheimid i ngar do na saighdiúirí. Idir an dá linn suífidh Bríd in aice liomsa.

Tá go maith... Suas libh anois.’

Nuair a bhí chuile shórt réidh, dar leis, chroith Pádraig lámh le Séamas agus suas leis ar an gcairt.

‘Beannacht Dé libh agus go dtuga Dia slán sibh go dtí an tOileán Úr,’ arsa Séamas agus tocht ina ghlór...

D’imigh siad leo trí chúlsráideanna an bhaile agus iad ag déanamh ar bhóthar Chathair na Mart... Dhá mhíle taobh amuigh de Chathair na Mart... d’imigh Tomás ón gcairt... níorbh fhada gur airigh Bríd agus Pádraig solas rompu ar an mbóthar...

‘Stopaigí in ainm na Banríona,’ arsa guth ard gallda ar an mbóthar rompu. Na cotaí dearga a bhí ann gan aon amhras! Stop Pádraig an chairt agus d’fhan siad gur tháinig an sáirsint chomh fada leo agus laindéar ina lámha aige.

‘Cá bhfuil sibhse ag dul i lár na hoíche mar seo?’ ar seisean go borb.

‘Ó is bocht agus is brónach an scéal é, a dhuine uasail,’ arsa Bríd agus gach olagón aisti.

‘Tá mo mháthair bhocht básaithe i gCathair na Mart leis an ocras agus táimid ag dul chun na sochraide, an dtuigeann tú?’

‘D’ardaigh an sáirsint an laindéar agus scrúdaigh sé go géar í. Bhí cuma chráite bhrónach uirthi ceart go leor...’

‘Bígí ag imeacht,’ arsa seisean leo agus thug sé an t-ordú do na saighdiúirí iad a ligean ar aghaidh.

Buntuisicint:

1. Cén tír a rachaidh an chlann ar imirce chuici?
2. Cén gealladh a thug Bríd do Shéamas?
3. Cá fhad ó Chathair na Mart a bhí siad nuair a d’fhág Tomás an chairt?

Tuisicint liteartha:

1. Conas go bhfuil a fhios agat go raibh brón ar Bhríd Séamas a fhágáil?
2. Cén bhréag a d’inis Bríd don sáirsint?

(10 marc)